Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

Tuarascáil Bhliantúil um Nochtadh Cosanta, 2015

Tuarascáil Bhliantúil Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014

Mar chomhlacht poiblí, éilítear ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir leis an líon nochtaí cosanta a rinneadh dó an bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagra ar na nochtaí cosanta sin.

De bhun an cheanglais sin, deimhníonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go ndearnadh nochtadh cosanta amháin don Choimisiún sa tréimhse ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015.

Cuireadh an Príomh-Choimisinéir ar an eolas faoin nochtadh cosanta, agus bhuail aturnae de chuid an Choimisiúin leis an té a bhí i gceist chun na ceisteanna a tarraingíodh anuas a phlé. Tugadh treoir d'abhcóide ina dhiaidh sin d'fhonn comhairle a thabhairt maidir le hábhar an nochta chosanta, agus tugadh achoimre ar an gcomhairle sin don Phríomh-Choimisinéir agus don Stiúrthóir.